

<b>Preasráiteas</b>	<b>Tuilleadh eolais:</b>	<b>*Leagan Béarla ar lch. 3</b>
Press Release	<a href="mailto:gaeilgeiorrais@gmail.com">gaeilgeiorrais@gmail.com</a>	<b>English summary on pg 3.</b>
08.08.2023	<b>097-29023</b>	

## **Ócáid Cheiliúrtha do pháistí as Gaeltacht Iorrais a bheidh páirteach i bhFleadh Cheoil na hÉireann 2023**

Tá Gaeilge Iorrais ag eagrú ócáid cheiliúrtha don 6 páiste as Gaeltacht Iorrais a bheidh páirteach i bhFleadh Cheoil na hÉireann 2023. Beidh an ceiliúradh seo ar siúl **Dé Céadaoin 16 Lúnasa @ 7 i.n. in Áras Inis Gluaire**, Béal an Mhuirthead. Tá moladh mór millteach ag dul do na páistí seo, maraon lena gcuid tuismitheoirí agus a gcuid múinteoirí.

Beidh seisear as Gaeltacht Iorrais ag freastal ar Fhleadh Cheoil na hÉireann i Muileann Gearr an deireadh seachtaine seo. Beidh triúr ag glacadh páirte sa chomórtas comhrá Gaeilge in aoisghrúpaí difriúla ó rang na naíonán go rang a 3; Miya Ní Ghuidhir (SN Cheathrú Thaidhg), Eimear de Róiste (SN na hEachléime agus CCÉ Craobh Chlann Lir) (comórtas comhrá Gaeilge faoi 9) agus Muireann Nic Aindriú (SN Cheathrú Thaidhg) sa chomórtas comhrá Gaeilge 9 -11. Beidh orthu thart ar dheich nóiméad cainte a dhéanamh i nGaeilge bunaithe ar ábhar éagsúil agus ansin dán a rá nó scéal a insint.

Beidh triúr eile páirteach i gcomórtais amhránaíochta ar an sean-nós (faoi 12); Nell Ní Mhongáin (SN Dhumha Thuama agus CCÉ Craobh Chlann Lir), Aoibhínn Ní Mhonacháin (SN na hEachléime agus CCÉ Craobh Chlann Lir) agus Jamie Ó Ciaráin (SN Chorrchloch agus CCÉ Craobh Chlann Lir). Beidh siad ag canadh leaganacha áitiúla d'amhráin mhóra na Gaeltachta seo - amhráin cháiliúla cosúil le Sail Óg Rua, Sadhbh Ní Mhongaile, Cúirt Bhaile Nua, Barr an tSléibhe agus Brigid Ní Mháille.

Ba mhaith le Gaeilge Iorrais buíochas speisialta a ghabháil le Síle Uí Mhongáin, an múinteoir amhránaíochta, atá ag tabhairt faoi chlár amhránaíochta ar an sean-nós i scoileanna Gaeltachta Iorrais le díograis agus le dúthracht agus a bhuí le tacaíocht ó scéim Neartú Ealaín na Gaeltachta atá á comhordú ag Gaeilge Iorrais ó 2020.

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

Ghlac na mílte páistí páirt i bhfleadhanna contae agus cúige i mbliana. Ní bheidh ach scoth na n-óg ag dul ar aghaidh chuig Fleadh Cheoil na hÉireann. Éacht ann féin é áit a bhaint amach sa mhórchomórtas seo. Guíonn muid chuile rath agus sonas ar pháistí Iorrais i bhFleadh Cheoil na hÉireann. Nach iontach go deo iad.

Tá muid ag súil go mór le ceiliúradh a dhéanamh ar obair agus éachtaí na bpáistí as Gaeltacht Iorrais ina gceantar féin agus os comhair a muintire féin, ar fhilleadh abhaile dóibh. Fáilte roimh chách freastal ar an ócáid cheiliúrtha seo a bheidh ar siúl in ónóir na bpáistí **Dé Céadaoin 16 Lúnasa @ 7 i.n. in Áras Inis Gluaire**, Béal an Mhuirthead. Ócáid don teaghlach a bheidh ann. Leanfaidh seisiún ceoil Comhaltas (Craobh Chlann Lir, Béal an Mhuirthead) ar aghaidh i ndiaidh na hócáide seo.

### **Nóta maidir le Scéim Neartú (Ealaín na Gaeltachta)**

Tá cothú agus cur chun cinn na n-ealaíon dúchasach i measc na hóige sa Ghaeltacht ar cheann de na bearta atá leagtha amach sa *Phlean Gníomhaíochta don Ghaeilge 2018-2022* agus sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*.

Tá Ealaín na Gaeltachta (comhpháirtíocht idir Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon) ag comhoibriú le Roinn na Gaeltachta leis an mbeart seo a chur i bhfeidhm tríd an gclár Cuisle - Scéim Neartú san áireamh.

## **Celebratory event for children from the Erris Gaeltacht that are taking part in Fleadh Cheoil na hÉireann 2023**

Gaeilge Iorrais is organizing a homecoming celebration for the 6 children from Gaeltacht Iorrais that are taking part in Fleadh Cheoil na hÉireann 2023. This celebration will take place on **Wednesday 16 August @ 7 pm in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead**. We would like to celebrate and congratulate these children, along with their parents and teachers. *Nár lága Dia iad.*

Six children from Gaeltacht Iorrais will be attending Fleadh Cheoil na hÉireann in Mullingar this weekend. Three are taking part in the Irish language conversation competition in different age groups from infant to third class; Miya Ní Ghuidhir (SN Cheathrú Thaidhg), Eimear de Róiste (SN na hEachléime and CCÉ Craobh Chlann Lir) (under 9 comhrá Gaeilge) and Muireann Nic Aindriú (SN Cheathrú Thaidhg) in the 9-11 comhrá Gaeilge competition. These children will have to speak in Irish about a variety of topics for about ten minutes and then say a poem or tell a story *i nGaeilge*.

Three others will participate in sean-nós singing competitions (under 12); Nell Ní Mhongáin (SN Dhumha Thuama and CCÉ Craobh Chlann Lir), Aoibhinn Ní Mhonacháin (SN na hEachléime and CCÉ Craobh Chlann Lir) and Jamie Ó Ciaráin (SN Chorrchloch and CCÉ Craobh Chlann Lir). They will be singing local versions of renowned songs from our Gaeltacht area - songs such as Sail Óg Rua, Sadhbh Ní Mhongaile, Cúirt Bhaile Nua, Barr an tSléibhe and Brigid Ní Mháille.

Gaeilge Iorrais would like to give special thanks to their sean-nós singing teacher, Síle Uí Mhongáin, who is undertaking a sean-nós singing program in Gaeltacht scheme schools in Erris with enthusiasm and dedication. This sean-nós singing program is funded by Ealaín na Gaeltachta Neartú scheme which is coordinated by Gaeilge Iorrais since 2020.

Thousands of children took part in county and provincial fleadhanna this year. Only the best will be participating in Fleadh Cheoil na hÉireann. Securing a place in this prestigious competition is an achievement in itself. We wish all the children from Gaeltacht Iorrais every success and happiness in Fleadh Cheoil na hÉireann 2023.

We are very much looking forward to celebrating all the hard work and talent of each of these children from our Gaeltacht area on their return home. All are welcome to attend this celebratory and family friendly event which will be held in honour of the children on Wednesday 16th August @ 7 pm in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead.